## Ceacht a Naoi Lesson Nine

# Briathra Áisiúla Useful Verbs

## Leathanach 1 Page 1

- Ar ith tú an císte?
  D'ith. D'ith mé ar maidin é.
  Nár ith tú an císte?
  Níor ith. D'ith Máire é.
- 2. Ar chuala tú an scéal?Chuala. Bhí an-áthas orm.Nár chuala tú an scéal?Níor chuala. Níor chuala mé faic.
- 3. Ar tháinig tú abhaile go luath?Tháinig. Bhí tuirse orm.Nár tháinig tú abhaile go luath?Níor tháinig. D'fhan mé amuigh.
- 4. Ar thug tú leat é?Thug. Is maith liom go mór é.Nár thug tú leat é?Níor thug. Ní maith liom é.
- 5. An ndearna tú an císte sin?Rinne. Nach bhfuil sé blásta?Nach ndearna tú an císte sin?Ní dhearna. Ní maith liom císte.
- 6. An ndeachaigh tú abhaile? Chuaigh. Bhí ocras orm. Nach ndeachaigh tú abhaile? Ní dheachaigh. D'fhan mé anseo.
- 7. An bhfaca tú mo mhadra? Chonaic. Bhí sé sa ghairdín. Nach bhfaca tú mo mhadra? Ní fhaca. Ní raibh sé anseo.
- 8. An bhfuair tú mo litir?Fuair. Fuair mé inné í.Nach bhfuair tú mo litir?Ní bhfuair. Ní raibh mé sa bhaile.
- 9. An ndúirt tú é sin le Seán?Dúirt. Bhí fearg orm inné.Nach ndúirt tú é sin le Seán?Ní dúirt. Ní dúirt mé faic leis.

Did you eat the cake? Yes. I ate it in the morning. Didn't you eat the cake? No. Mary ate it.

Did you hear the news? Yes. I was very happy. Didn't you hear the news? No. I didn't hear anything.

Did you come home early? Yes. I was tired. Didn't you come home early? No. I stayed outside.

Did you take it with you? Yes. I like it a lot. Didn't you take it with you? No. I don't like it.

Did you make that cake? Yes. Isn't it tasty? Didn't you make that cake? No. I don't like cake.

Did you go home? Yes. I was hungry. Didn't you go home? No. I stayed here.

Did you see my dog? Yes. It was in the garden. Didn't you see my dog? No. It wasn't here.

Did you get my letter? Yes. I got it yesterday. Didn't you get my letter? No. I wasn't at home.

Did you say that to Seán? Yes. I was angry yesterday. Didn't you say that to Seán? No. I didn't say anything to him.

## Ceacht a Naoi Lesson Nine

# Briathra Áisiúla Useful Verbs

## Leathanach 2 Page 2

#### Comhrá 1

A: An bhfaca tú Seán inniu?

B: Ní fhaca. Nár chuala tú an scéal?

A: Níor chuala. Cén scéal?

B: Chuaigh sé go hÉirinn inné.

A: Cár chuala tú é sin?

B: Dúirt a mháthair liom é.

#### Comhrá 2

A: Cá ndeachaigh tú aréir?

B: Chuaigh mé go hEncinitas.

A: Cad a rinne tú ansin?

B: D'ith mé dinnéar le mo chara.

A: Cár ith sibh an dinnéar?

B: D'ith muid i mbialann é.

### Comhrá 3

A: An bhfuair tú mo litir?

B: Fuair. Fuair mé inné í.

A: An bhfuair tú aon rud eile?

B: Fuair. Fuair mé bronntanas ó Thadhg.

A: An bhfuair tú cárta ó Shéamus?

B: Ní bhfuair.

### Comhrá 4

A: Fuair mé albam nua inniu.

B: An bhfuair? An maith leat é?

A: Is breá liom é.

B: Ar thug tú leat é?

A: Thug. Seo duit.

Ar chuala tú riamh é?

B: Níor chuala go fóill.

#### **Conversation 1**

Did you see John today?

No. Didn't you hear the news?

No. What news?

He went to Ireland yesterday.

Where did you hear that?

His mother told me.

#### **Conversation 2**

Where did you go last night?

I went to Encinitas.

What did you do there?

I ate dinner with my friend.

Where did you eat the dinner?

We ate it in a restaurant.

#### **Conversation 3**

Did you get my letter?

Yes. I got it yesterday.

Did you get anything else?

Yes. I got a present from Tim.

Did you get a card from Jim?

No.

#### **Conversation 4**

I got a new album today.

Did you? Do you like it?

I love it.

Did you bring it with you?

Yes. Here it is.

Did you ever hear it?

I haven't yet.